# Guth Ghoill

Luach € 1.50

## Céim sa Ghaeilge



*Bronnadh Céim Onóracha sa Ghaeilge ar scór mac léinn as Coláiste Mhic Aodha i nDoire ar an 10ú Iúil 2007. Seo grianghraf de na céimithe a glacadh sa Choláiste, nuair a bhuail siad leis an cheoltóir, Enya, i ndiaidh an tsearmanais i Halla Fóraim na Mílaoise. Ina measc tá Sabha Mhig Oireachtaigh, Mícheál Mac Laifeartaigh, Máire de Faoite agus Caitlín Ní Bhaoill, an chéad dream a lean ar aghaidh lena gcuid staidéir i ndiaidh an chúrsa Dioplóma a dhéanamh sna Dúnaibh, agus Róise Nic Laifeartaigh arb as Carraig Airt ó dhúchas i. Sa phictiúr fosta tá an tOllamh Ailbhe Ó Corráin agus an Dr Peadar Mac Gabhann. Comhghairdeas do na céimithe uilig.*



## Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne

*Beidh Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne ag oscailt arís Dé Luain an 3ú lá de mhí Meán Fómhair. Naíonra é seo atá a reáchtáil go h-iomlán tré mheán na Gaeilge agus a bhíonn oscailte ó 9.30rn. go dtí 12.30in., Luan go hAoine. Tá áiteanna fágtha sa Naíonra go fóill do dhuine ar bith a bhfuil suim acu a pháiste(í) a thógáil le Gaeilge. Tuilleadh eolais ó Choiste Céim Aniar ar 91 55830.*

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Céim sa Ghaeilge
Naíonra Dhiarmada agus Ghráinne ..... 1

Clár ........................................................................ 2

Imeachtaí Céim Aniar ........................... 3,4,5

An Seo Mór
Aisteoirí Mhiobhaigh i nGlaschú
Oíche Ghaelach

Dioplóma sa Ghaeilge &
Dánta le Patsy Mac Suibhne ............... 6

Scéal Máire Bhoyde ................................ 7

Tobar an Dúin
Coinnigh na Dúnaibh Slachtmhar .... 8 & 9

Ag Féachaint Siar ..................................... 10

Coirneál Thuaithail ................................. 11

Féile Choiste Mhíobhaigh ........................ 12

Feadaímó ................................................ 13 & 14

Coiste Forbartha Carraig Airt ......... 15

Turas go hÁras an Uachtaráin
Teastas Sláinte agus Sábháilteachta 16

# An Seó Mór.

Bhí an darna Seó Mór againn ar Dé Céadaoin an 20ú lá de Mhí an Mheithimh sa choláiste Gaeilge i nDoire a'Chasáin. Cuireadh trí dhráma i láthair ar stáitse an oíche sin agus caithfidh mé a rá go bhfuair na páistí tacaíocht mhór óna gcuid tuismitheoirí agus óna gcuid daoine muinteartha.







Bhí an halla plódaithe go doras agus chuir rang a haon is a dó ó Scoil Naomh Bríd tús leis an oíche le "Bróga Briste Draíochta". Dráma beag gairid a bhí anseo agus rinne na páistí jab iontach de. Tá moladh mór tuilte ag an mhúinteoir Aodán Ó Carrbháill agus ag Joy Nic Giolla Shionnaigh ar son na hoibre a chur siad isteach ann agus bhí sé deas an chomhoibriú idir na ranganna eile a fheiceáil, mar shampla: na cailíní as rang a cúig is a sé a chuidigh leo na cultacha a dhéanamh do na crainn.

Sa darna dráma bhí rang Maura Mhic Laifeartaigh againn, sé sin rang 3 agus 4, agus rinne na páistí cur i láthair iontach den dráma 'Teach Liam' ina raibh taibhsí agus bean sí, vampires agus achan sórt ar stáitse agus bhí cuid don aisteoireacht thar barr. Rinne Maura agus Nuala






Ní Gairbheith scoth na hoibre leis an dráma seo agus bhí na páistí uilig ullmhaithe go maith dó. Tá sé dochreidte an feabhas atá ag teacht ar na páistí i dtaca le haisteoireacht de agus beidh sé deas cuid acu a fheiceáil sa Phan-to níos moille sa bhliain.

Chuir Scoil Dhuibhlinn Riabhach deireadh leis an oíche leis 'An Ghealach' agus is é an rud a sheas amach sa dráma seo ná an méid ceoil a bhí ann. Moladh mór tuilte ag Súin Ní Ghallchóir ar son sin mar scríobh sí cuid de na hamhráin agus tá ard mholadh tuilte fosta ag na múinteoirí, Bríd Nic Giolla Choill agus Eileen Nic Giolla Bhríde a d'obair go díograsach leis na páistí sa dráma seo. Bhí achan fhocal de ghlan mheabhair acu trí seachtaine sula ndeachaigh siad ar stáitse leis.









Bhí oíche ar dóigh againn agus tugaim an moladh is airde do na páistí uilig a d'obair go crua ag foghlaim línte agus ag déanamh na gcleachtaithe. Maith sibh, agus tá súil agam go bhfeicfear ar an ardán arís sibh gan mhoill.

## Aisteoirí Mhíobhaigh i nGlaschú.



*Seo cuid den slua a bhí i láthair sa "Couper Institute" i nGlaschú ar an 13ú Iúil nuair a léirigh Aisteoirí Mhíobhaigh, Na Dúnaibh an dráma "Peacadh Cholmcille" le Proinsias Ó Chuilinn. Ina measc tá bunadh Thír Chonaill, cainteoirí Gaidhlig na `hAlban agus daoine ó Roinn na Ceiltise in Ollscoil Glaschú.*

# Oíche Gaelach.



Bhí Oíche Ghaelach againn sa "Harbour Bar" ar an 5ú lá Iúil. Chuir an file Pádraig Mac Suibhne (Patsy) tús leis an oíche agus is é an córas a bhí againn don oíche ná go mbeadh píosa ceoil againn i ndiaidh do Patsy dán a rá agus ansin bheadh dán nó agallamh beirte againn ó na páistí. Lean rudaí ar aghaidh mar seo don oíche agus caithfidh mé a rá gur bhain achan duine sult as.



Eunan agus Pádraig a bhí ag seinm agus bhí cúpla amhrán caite isteach sa phota anois is arís. Mar is gnáth ar na hoícheanta seo ba iad na páistí a sheas amach agus ní raibh focal le cluinstin a fhad is a bhí na dánta a rá acu.



Rinne Alaín Pasoma 'Seó na bpáistí' a oscailt leis



an dán "An Fharraige" le Caoimhín Mac A' Bháird agus lean Ben Mac Giolla Bhríde agus Ruaidhrí Mac Conaglaigh é leis an dán "Micí Beag agus Seamaí Mór". Cúpla dán eile ó Phatsy ansin agus thosaigh Roisín Ní Bhuaidhe



agus Laura Nic Eiteagáin le hagallamh beirte. Cheoil Roisín píosa deas ceoil ansin. Rinne Máire solo ar an fheadóg stáin agus rinne Roisín solo ar an chonsairtín.





Bhí amhránaithe speisialta ansin fosta, sé sin Rachael Ní Mhaonaigh agus Roisín Ní Bhuaidh agus chuidigh siad go mór leis an oíche. Tá rud amháin soiléir, níl easpa tallainne faoin cheantar.



Sílim féin gur deis mhaith í oíche mar seo le cuidiú leis na páistí feabhas a chur lena gcur i láthair filíochta agus fosta le féin mhuinín a chothú iontu. Tá súil againn go mbeidh sibh uilig ansin chun tacaíocht agus éisteacht a thabhairt díofa nuair a bheas an chéad Oíche Ghaelach eile againn.

# Dioplóma Sa Ghaeilge



Seo pictiúr de chuid den rang ón chúrsa Dioplóma sa Ghaeilge a bhí ar siúl sna Dúnaibh i rith an gheimhridh i gcomhar le Ollscoil Mhic Aodha i nDoire. Glacadh an grianghraf ar lá Bronnta an Teastais i Halla Fóraim na Mílaoise i nDoire ar an 10ú lá de mhí Iúil. Ó chlé, ar chúl tá Cormac Mac Ualghairg, Cormac Mac Giolla Shionnaigh agus Emett Mac Ualghairg. Chun tosaigh tá Úna Uí Chéille, Áine Ní Shíoradáin, Nóirín Mhic Ualghairg (múinteoir an ranga), Annette Toye agus Sorcha Uí Ghallachóir. As láthair ar an ocáid bhí Antoine Mac Giolla Bhríde, Máire Anna Nic Aodh, Searón Ní Chonghaile, Déaglán Mac Laifeartaigh agus Cary Meehan. Comhghairdeas leofa uilig.

## Deis Oideachais

## Cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge.

*Cúrsa Gaeilge páirtaimseartha in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh. Is féidir an cúrsa a dhéanamh thar dhá bhliain nó, do dhaoine atá líofa sa Ghaeilge, thar bhliain amháin, agus ní gá cáilíochtaí a bheith agat.*
*Tá na cúrsaí seo uilig faoi choimirce Ollscoil Mhic Aodha i nDoire, agus tá siad páirt-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta. Cuirfear tús leis na ranganna sa tríú seachtain de Mheán Fómhair, 2007 agus dhá oíche sa tseachtain atá i gceist.*

*Beidh oíche eolais in Áras Ros Goill i mí Meán Fómhair.*

Má tá suim agat sa chúrsa seo, cuir glaoch orainn in oifig Céim Aniar:
**Fón: 074 9154830** (9rn - 5in)

### "Le linn na bhfear líofa donn rachaidh an tonn fríd Ros Ceite".

*Seo tairngreacht de chuid Naomh Cholmcille agus é ag cur in iúl dúinn go n-ardóidh leibhéal na farraige agus go mbeidh Ros Ceite faoi uisce. An bhfuil seo ag bagairt orainn anois ?*


*Beidh muid ag déanamh píosa in eagrán eile ar Phádraig Mac Suibhne, an file, ach seo cúpla ceann dá chuid dánta le blás a thabhairt díobh don chineál saibhris atá ina chuid scríbhneoireachta. Tá sé geallta ag Pádraig dúinn go ndéanfaidh sé cuir i láthair dúinn thíos sa Síbín Ceoil lá éigin agus tá mé cinnte nuair a tharlóidh seo go mbeidh slua ansin le fáilte cheart a chuir roimhe.*

### Istigh Ionainn Féin

*Istigh ionainn féin atá an samhradh,*
*gach líonadh agus gach trá;*
*an gaineamh órga ar thrá Mhachaire Ghathlán,*
*an ghrian ag dul a luí*
*ar chúl Inis Meáin.*

*Istigh ionainn féin atá an samhradh,*
*má's fearthainn, m'ás grian, m'ás grá.*

*Istigh ionainn féin atá gach samhradh,*
*a deirim leat arís,*
*a bhean nach luaim;*
*istigh ionainn féin atá gach samhradh,*
*fiú samhradh nach raibh ann*
*ariamh.*



Padráig (Patsy) Mac Suibhne.

### Aonarán

*Bhí síol ag sceitheadh go ciúin*
*i gcúl m'aigne istigh,*
*síol smaoinimh a thit i nganfhios*
*mar a thiteann ó ghob an éin*
*an chaor a fhágann an caorthann*
*ar an uaigneas*
*leis féin.*

*An smaoineamh de shíor ag borradh*
*san anam rúin istigh,*
*'sé a chuireann an tochas sna cosa*
*leis an dúil ins an imigéin,*
*is a fhágann an duine aonair*
*ar an uaigneas*
*leis féin.*

# Máire Bhoyde.

Sa chéad leath den chéad deireanach bhí aithne ag achan duine i bparóiste Mhíobhaigh ar Mháire Bhoyde. Bhí aithne ag na máithreacha agus ag na seanmháithreacha uirthi agus grá acu di, mar is dóibh a bhí sí ag tabhairt aire, cuidiú agus tacaíocht.

Rugadh Máire sa Ghleann sa bhliain 1878. Dónal Devine an t-ainm a bhí ar a hathair agus Neilí Nic an tSaoir ab ainm dá máthair. Ba as Fánaid Neilí. De réir an staraí clúiteach sin as Ros Goill, tá sloinnte Mhic a'tSaoir uilig i bhFánaid muinteartha.

Bhí deirfiúr amháin aici, Úna, agus deartháir, Tom. Chuaigh an triúr acu ar scoil in Umlach. Ins an am sin cuireadh béim ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus uimhríocht. 'Sí an múinteoir a bhí acu ná S. Bean Dennison. Bhí Máire breá maith ar scoil agus bhí dúil mhór aici ann. Tháinig an teaghlach a chónaí i nDroim na Móna, idir Carraig Airt agus Teach a' Phobail. Cha ndeachaigh aon duine acu ar fostú sa Lagán mar bhí obair go leor acu ar an fheirm. Bhí an teach i gcónaí lán, agus bhí pota mór súp ar thaobh na tine a bhí déanta le cnámha maithe ó Phaidí Ruaidhrí, an búistéir i gCarraig Airt.

Nuair a bhí Máire fiche bliain d'aois pósadh í ar John Doherty as Carraig Airt. Bhí fear eile darbh ainm John Doherty agus bean, Máire Nic Suibhne ina bhfianaisí leis an phósadh. Bhí beirt iníon acu, Máire agus Úna. Fuair John bás go tobann agus fágadh Máire ina baintreach. 'Sé an dochtúir a bhí ann ag an am ná An Dochtúir Cristie, an fear a thóg an teach deas sin "Roy View". Chonaic sé an cumas a bhí i Máire agus shíl sé go ndéanfadh sí cnáimhseach (midwife) mhaith, agus rud eile, bhí a fhios aige go raibh gá mór dá leithéid sa pharóiste. Roimhe sin ní raibh duine ar bith traenáilte le cuidiú le mná a raibh tinneas clainne orthu agus ní raibh aon duine leis an chúram ceart a thabhairt dóibh roimh an bhreith ná ina dhiaidh. Fuair an Dochtúir Cristie áit do Mháire sa "Royal Infirmary" i nGlaschú. D'fhág sí an bheirt leanbh lena deirfiúr agus d'imigh sí go Glaschú ar an bhád "An Carraig Airt" ó Ramhrás. Bhí dúil mhór aici san ospidéal agus sa traenáil. Bhain sí céim amach agus glacadh an pictiúr seo ar an lá.

Thosaigh sí ag obair sa pharóiste thart fán bhliain 1905. Bhí sí iontach gnóthach mar ba é sin an t-am a raibh teaghlach mór in achan teach. Bhí Stáisiún an Gharda Cósta ann agus bhí an iascaireacht ag dul go maith ag an am. Bhí sí amuigh níos mó san oíche



ná sa lá agus go speisialta ag am iomlán gealaí. Chaith sí cóta fada dubh agus hata beag dubh agus bhí an mála dubh sin ina lámh aici. Chreid na páistí go raibh deirfiúr nó deartháir úr sa mhála aici nuair a tháinig sí chun an tí. Nuair a bhí sí i dtrioblóid le bean bhocht ar bith, chuir sí fá choinne an máinlia clúiteach sin "Mac Fhionnghaile" as Gleann a'tSuilí.

Tá a lán scéalta fá Mháire agus a cuid othar. An ceann is fearr liom ná an scéal faoin mháthair a raibh seisear mac aici. Nuair a bhí an seachtú páiste á rugadh bhí gine réidh ag Máire le cur isteach i lámh an linbh. Ach nuair a rugadh an leanbh, cailín a bhí ann. Thosaigh Máire ag sciolladh, ag rá gur mhill an leanbh seo an "Seachtú Mac" agus na leighis uilig a tháinig leis.

Phós Máire arís sa bhliain 1908 fear as Gleann a' tSuilí, Tuathal Mac Daibhéid. Bhí triúr mac agus iníon amháin acu. Fuair an duine deireanach den teaghlach sin, Annie Cooke, bás ag Nollaig, 2005, ar dheis lámh Dé go raibh a hanam uasal.

*Iarscríbhinn*: Má tá eolas ag duine ar bith fá Mháire bheinn buíoch dá gcuirfeá scairt orm ar 9137036. Go raibh maith agaibh.

*Bhí suim agus spéis i gcónaí ag muintir Ros Goill i dTobar an Dúin agus Caisleán na dTuath agus tá beagán eolais tugtha anseo faoi Thobar an Dúin. Déanfaidh mé cur síos ar Chaisleán na dTuath sa chéad eagrán eile. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as agus sibh ag tabhairt cuairt ar na háiteanna seo amach anseo.*

## Tobar an Dúin



*Is é seo an tobar is mó cliú agus cáil i dTír Chonaill. Deir siad go bhfuil leigheas don chorp agus don intinn le fáil ón uisce ag Tobar a' Dúin. Tá fianaise ann gur ionad réamh-Chríostaíochta í seo.*

- *Tá tochar (sean-bhealach adhmaid) ag reachtáil faoin seascán in aice le Tobar a'Dúin.*
- *Fuarthas iarsmaí ón aois Cré-Umha in aice leis an tobar.*
- *D'úsáidtí an t-uisce ón tobar in inshealbhú na nDálach.*

*Déantar dhá thuras go dtí an tobar; ag oíche na bliana úra agus oíche fhéile na Bealtaine, dhá fhéile a bhfuil níos mó baint acu le creideamh na réamh-Chríostaíochta.*
*Thart fá na 1670í deir an seanchas go ndearna fear leighis, darb ainm dó Lector Ó Frighil, troscadh ar feadh 18 lá agus gur shiúl sé ó Fhathain ar Loch Súilí go dtí an Dún achan lá. Ar an 18ú lá bheannaigh sé an tobar agus thug sé geall go mbeadh an chumhacht chéanna ag an uisce don leigheas agus a bhí aige féin. Deir an seanchas áitiúil fosta gur bheannaigh an tAthair Ó Gallachóir an tobar sna 1880í.*
*Deirtear go bhfuil cumhachtaí láidre leighis ag an uisce sa tobar seo. Is iad na paidreacha a chaitheann tú a rá ná an "Ár n-Athair" agus an "'Sé do bheatha" (cúig huaire), agus "an Chré" do do rún. Caithfear an rud céanna a rá d'achan bhuidéal uisce a thógann tú leat. "Ár n-Athair" agus an "'Sé do bheatha" don Athair Lector Ó Frighil (atá curtha sa reilg i gCill Mhic n-Éanáin), an rud céanna don Athair Ó Gallachóir, agus arís don fhear a thóg an balla thart ar an tobar.*
*Sa t-sean am bhí sé de nós ag daoine a dturas a dhéanamh costarnocht agus ag troscadh. Ba ghnáth leo teacht ar an traein ó iarthar an chontae achan Domhnach i rith an tsamhraidh agus tá sé de nós ag daoine cuimhneacháin bheaga a fhágáil ina ndiadh ag an tobar.*

* * * * *

## Carraig an Dúin

*(airde 126m)*

*Suite os cionn Tobar a Dúin tá carraig ag a ndéantaí insealbhú ar Thaoisigh na nDálach ó 1200 go dtí 1603. Rinneadh corónú ar 25 taoiseach anseo. De ghnáth bhíodh comóradh ag Mainistir Chill Mhic n-Éanáin roimh ré. Tá an chosúlacht ann go n-úsáidtí an charraig roimhe seo ach níl fianaise ar bith le fáil fá dtaobh de seo. Tá radharc galánta ón bharr, fiú gur talamh íseal atá ann.*



*Is é Eighneachan Ó Dónaill an chéad duine de na Dálaigh a toghadh anseo sa bhliain 1200. Is é Niall Garbh ó Dónaill an duine deireannach de Chlann Uí Dhónaill a toghadh ag an charraig sa bhliain 1603.*

*Bhí sé ina chol ceathair ag Aodh Rua Ó Dónaill a toghadh ar an 3ú Bealtaine 1592 (415 bliain ó shin). Fuair Niall Garbh bás i dTúr Londain i ndiadh dó a mhuintir féin a thréigeadh i leith na Sasanach. Maraíodh Cahir ó Dochartaigh, taoiseach deireanach Inis Eoghain, i gcath anseo i 1608.*

Airde na gcnoc thart ar Charraig a Dún:

*Loch as Alt / Cnoc a'Liathán (469m); Cnoc a' Bhearnas agus Cnoc Mór (the "Resting Bishop") agus an Droim Fionn ag 349m; An Mhucais (666m)*, An Dubhais (652m), Sagart na Dubhaise (501m), Sliabh Sneact (678m) agus An Earagail (751m).*



* Nóta faoi airde na Mucaise:

*Bhíodh an airde scríofa mar 670m ar na chéad léarscáileanna meitreacha. Ní h-é seo an airde ceart, ach toisc go raibh baint ag an uimhir 666 leis an ainspiorad ní úsáidtí an uimhir seo. Ach tá an airde aistrithe go dtí an uimhir ceart anois ar na léarscáileanna úra.*

* * * * *

## Carraig an Aifrinn

*Tógadh an charraig seo i rith am na bPéindlíthe (1695- 1741) chun go mbeadh muintir na háite ábalta an t-Aifreann a chleachtadh. Chuirtí pionós an bháis ar shagart ar bith a gabhadh ag rá an Aifrinn.*



* * * *

## Tobar Ethne (Turas an Rí)



*Tá sé suite i mbaile fearainn an Bhearnais, i ndiadh Teach Phobail an Tearmainn a fhágáil i do dhiaidh, ar do bhealach ó Thobar a Dúin: ba mháthair Cholmcille í Ethne. Déantar turas ar feadh naoi n-oíche ag an tobar seo ón 9ú Meitheamh ar aghaidh. Is é Daire Ethne an sean ainm a bhíodh ar Chill Mhic n-Éanáin.*

✳ *An gad is giorra don scornach is gá a réiteach ar dtús.* ✳

## Coinnigh na Dúnaibh Slachtmhar.

*Ag cruinniú san Ionad Acmhainne Dé Luain, 13ú lá den mhí seo, toghadh coiste "Coinnigh na Dúnaibh Slacht-mhar" le Siún Nic Giolla Bhríde mar chathaoirleach, Colette Ní Chonchúir mar rúnaí agus Máirtín Ó Cathasaigh mar chisteoir. Caitheadh tráthnóna Déardaoin, 23ú Lúnasa ag bailiú an bhruscair thart fán bhaile agus tá moladh mór tuilte ag achan duine a chuidigh leis an obair. Beidh* ***cruinniú poiblí*** *ar an* ***10ú Meán Fómhair*** *ag* ***8.30in*** *san* ***Ionad Acmhainne*** *agus beidh fáilte romhaibh uilig ar an oíche.*
*Beidh cruinniú ag an choiste leis na polaiteoirí ar an 24ú Meán Fómhair.*

### Cupla Seanfhocal

*Pós ar an charn aoiligh ach díol do bhó i bhfad ó bhaile.*

* * * *

*Gheobhann cos ag siúl rud nach bhfaigheann cos ina seasamh.*

* * * *

*Chaillfeá do chluasa ach go bhfuil siad greamaithe duit.*

* * * *

# Ag Féachaint Siar

Seo cuid de na smaointe a rith liom agus mé ag féachaint siar ar na laetha a bhí ann leathchéad bliain ó shin. Sa chéad áit thosaigh mé ag smaoineamh ar rudaí a raibh baint acu leis an Eaglais: An chéad rud a thógfadh do shúil agus tú ag dul isteach an doras ná an "foraois" de chomharthaí ar dhá thaobh na taobhroinne (cosán a bhí ag dul suas lár an tséipéil), iad cosúil le bratanna ach amháin nach éadach, ach cineál de sciath mhiotail, a bhí ar mhullach achan cheann acu agus ainm agus pictiúr naomh uilig na tíre agus na hEaglaise orthu. Chomh maith le sin, bhí cuma i bhfad níos ornáidí ar Theach a' Phobail - bhí na boscaí faoistine déanta amach as an adhmad galanta, dorcha, snasta sin, achan cheann acu ag éirí mar a bheadh túr ann agus sórt spíce ag gobadh amach óna mbarr.
Bhí ráille maisiúil déanta den chineál adhmaid céanna os comhair achar na haltóra, a scaradh ón chuid eile de theach a' phobail agus an geafta ina lár trína rachadh an sagart agus lucht freastala an Aifrinn, agus an braillín a bhí chomh geal le sneachta ag crochadh ó thaobh istigh den ráille go dtí díreach roimh an Chomaoineach, nuair a ba dhual do na freastalaithe é a thiontú thar an ráille ar an taobh amuigh sa dóigh 's go dtiocfadh leofa siúd a bhí ag glacadh Comaoineach é a thógáil agus a chur faoina smig ar eagla go dtitfeadh mionchuid ar bith den Chomaoineach. Agus ansin, dar ndoiche, bhí na freastalaithe fa réir leis an 'paten' faoi do shmig ar eagla na heagla.
Bhí crannóg dheas ag seasamh amach ón altóir ar thaobh na láimhe deise, an puilpid, í ardaithe ceithre nó cúig troigh ón urlár agus tuilleadh adhmaid dorcha den chineál a luaigh mé cheana féin thart uirthi, an áit a rachadh an sagart achan Domhnach ag míniú briathar Dé don phobal. Chan iontas ar bith go raibh seo le déanamh mar bhí an Aifreann go hiomlán i Laidin; ó "Introibo ad altare Dei" "Ad Deum qui laetificat a jurentutum meam" go dtí "Dominus Vobiscum" "Et cum spirito tuo" "In nomine Patris et Filis et Spiritus Sancti" "per omnia saecula saeculorum,Amen".
Sheas an sagart lena dhroim leis an phobal an chuid is mó den am, ag guí leis i Laidin agus bhí an pobal ar a ndícheall ag léamh urnaithe amach as na "Missals" agus ag méarú fríd a gCorónacha Mhuire ag rá an Phaidrín chomh tiubh géar agus a thiocfadh leo. An t-aon uair amháin a thiontódh sé thart, déarfadh sé "Dominus Vobiscum" agus thabharfadh na freastalaithe an freagra "Et cum spirito tuo" agus thiontódh sé ar ais arís le leanúint ar aghaidh leis an Aifreann. Dhéanfadh sé seo suas le trí nó ceithre huaire agus shíl muidne gur ag caint fá bhrioscaí a bhí sé! Agus na sluaite ag dul chun an Aifrinn - a bhformhór ag siúl, cuid mhaith ar rothair, agus corr-charr le hualach daoine air, uilig ag tarraingt ar Theach a' Phobail. Creidim go raibh comhluadar agus craic acu ar a mbealach go Carraig Airt - bhí siúl uaire ann ó Dhoire an Chasáin agus ansin i ndiaidh an Aifrinn cha raibh deifir ar bith orthu 'na bhaile mar chastaí muintir uachtar an pharóiste orthu agus bhí nuacht agus craic eatarthu, mar ní ró-mhinic a chíodh siad a chéile.
Ag cuimhneamh siar air anois, chuirfeadh na baiclí daoine ag siúl iontas ort; chuirfeadh sé thú i gcuimhne de "Pilgrim's Progress le Chaucer" nó a leithéid. Bhí rud iontach "mediaeval" chor a bheith ag baint leis. Agus nuair a thóg siad Teach an Phobail ag bun chnoc Gáinne, áit iargúlta a raibh trí bhealach ag tarraingt air agus ceann acu ón taobh thoir a bhí garbh agus carraigeach. Nuair a chífeá na daoine ag tarraingt ar an áit fríd na carraigeacha, chuirfeadh sé am na bPéindlithe i gcuimhne duit. Chluinfeá Clog Fáilte an Aingil ar bhuille an Mheán lae agus ar a sé a chlog achan lá. Rud eile a chluinfeá, ar ócáid adhlactha, ná "trí urchar na sluaiste", na trí shluasaid créafóige a chaitheadh an sagart ar an chónra san uaigh. Nós eile a bhí ann agus nach bhfuil ann faoi láthair, buíochas le Dia, ná an sagart ag léamh amach na n-ofrálacha maidin Dé Domhnaigh: Pádraig Ó Murchú - cúig scilling, Éamonn Mac Ailín - leathchoróin, Séamas de Búrca - scilling; ag déanamh beag de dhaoine agus ag déanamh idirdhealú idir chomharsana agus a bhí ina ábhar náire ag teaghlaigh nach raibh ar a gcumas a dhath níos mó a dhíol corr uair. Bhí sé de nós ag an adhlacóir na hofrálacha a léamh amach ag an tórramh fosta, uaireanta sa reilig agus amanna eile i bpóirse an tseipéil, rud a chur an scéal fá Íosa ag tiomáint lucht díolta agus ceannaithe amach as teampall Iarúsailéim i gcuimhne domh. Maidir le cúrsaí Comaoineacha, bheifeá ag troscadh ó leath i ndiaidh a dó dhéag ar a' mhoille, agus i bhfad níos luaithe ná sin do pháistí, ón oíche roimh ré, chun Comaoineach a ghlacadh. Chan iontas ar bith é go bhfeicfeá corr dhuine ag éirí lag nó ag titim i laige i lár an Aifrinn, agus is minic a chonaic mé féin é! Bhí cúpla nós eile ann san am – rialacha neamh-scríofa ach rialacha a gcloífí leo go géar san am: Ba ghnáth leis na fir a mbearáid a bhaint dófa agus iad ag dul isteach i dteach an phobail agus ar ndóiche ba ghnáth leis na mná uilig a gcinn a chlúdach le hata nó scairf. Nós eile a bhí ann ná go suíodh na fir ar thaobh na láimhe deise agus na mná ar thaobh na láimhe clé. Ba ghnách leis an chléir "Bannaí an Phósta" a léamh amach ón altóir dhá uair ar a laghad, suas le sé mhí roimh lánúin á bpósadh. Ní cheadófaí dófa siúd a raibh a lámh fhéin ina mbás a bheith curtha i dtalamh beannaithe (reilig), nó do pháistí a fuair bás gan baisteadh. Ní raibh teas ar bith i dTeach an Phobail; cad leis a raibh sé cosúil, maidin Eanáir agus an sneachta ar an talamh? Ní raibh damhsaí ar bith á reáchtáil i rith an Chargais. Taobh amuigh den Chargas b'éigean do na damhsaí críochnú ar an mheán oíche, oíche Dé Sathairn, sa chaoi 's go mbeadh an pobal ábalta éirí fá choinne Aifreann lá arna mhárach. Bhí sé de nós ag cuid de na sagairt a bheith ag siúl na mbóithre thart ar halla an pharóiste nuair a bhí damhsa ar siúl, agus bata draighin ina lámh, ag lorg lanúin ar chúl claí, agus go bhfóire Dia orthu siúd a mbéarfaí orthu!

# COIRNEÁL THUAITHAIL

*An uair dheireanach a scríobh mé giota sa pháipéar seo, bhí mé den bharúil go raibh mé ag aislingeacht ach eadrainn fhéin, déarfainn b'fhéidir gur leath ólta a bhí mé. Sceitheadh gur choinnigh mé an charghas ar an ól agus de réir sin chuir mé mo chuid airgid isteach i seansparán a bhí ag mo mháthair mhór. Bhí na leathbhoinn agus na sála caite ar mo chuid bróg trom agus lena chois sin bhí na hiallacha briste sna bróga. Bhí paiste nó beirt ar thóin mo chuid brístí agus paistí eile ar mo chuid uillinneacha. Bhí mé ag smaoineamh go gceannóinn culaith úr agus bróga úra, ach dúirt bean an tí liom go raibh na comharsana cleachtaithe liom ag dul thart ins na bratóga agus gur cheart dúinn carr úr a cheannacht. Nach í a bhí cliste. Bhí go maith agus ní raibh go h-olc. Chuaigh an bheirt againn suas go Leitir Ceanainn agus bhí an sparán liom faoi m'ascaill go cúramach. Le scéal a ghiorrú, cheannaigh muid carr úr i ngaráiste ag Barr an tSléibhe i Leitir Ceanainn. Seo litir chuig an gharáiste:*

*A Chara Uasail,*

*Cheannaigh mé carr úr uait ag tús na bliana agus an uimhir atá air ná 92-DL-999. Bhí an carr ag dul ar dóigh go dtí go ndeachaigh bean an tí agus mé fhéin suas go Leitir Ceanainn go dtí an ollmhargadh Dé hAoine seo chaite. Líon muid cófra an chairr le torthaí, grósaeraí agus trí shac prátaí. Lena chois sin, cheannaigh muid leathmhuc agus cúig phunt d'ispíní. Ar an chasán abhaile dúinn thug mé faoi deara go raibh an solas dearg ar an dash ó am go h-am agus bhí mé den bharúil gur léim deireadh an chairr anois agus arís. Shíl mise go raibh callán ag teacht as cúl an chairr ach bhí toirneach throm ann ag an am agus bhí bean an tí den bharúil gur an toirneach a ba chiontaigh leis. Nuair a stad muid ag an doras cúil sa bhaile agus nuair a d'oscail mé an "boot," chonaic mé gur thit an tóin as. Ní raibh aon rud fágtha ann, agus bhí na h-ispiní agus an leathmhuc a fuair muid don dinnéar caillte.*

*Chuir mé scéala chuig Eunan Jim, an meicneoir gluaisteáin, a theacht go gasta leis an damáiste a mheas. Nuair a d'inis mé do an uimhir a bhí ar an charr "999" creidim go raibh sé ar an tsráid taobh istigh de dheich mbomaite ina dhiaidh sin. An chéad rud a d'inis sé domh ná go raibh cuid madaí an bhaile ag troid sna Dúnaibh fá charnán ispíní, agus steall do mhuc ag ceann de na madaí. Bhí gléas le Eunan leis an charr a thógáil, ach nuair a thóg sé an tosach, bhris sé ina dhá chuid. Nach muid a bhí ámharach gur bhain muid an baile amach léi. Thug mé scian phóca d'Eunan agus scríob sé giota beag den dá thaobh agus thug sé faoi deara go raibh an leath tosaigh den charr dearg agus an leath cúil glas. Ní raibh maith domhsa bheith ag smaoineamh ar N.C.T. a fháil. Chomh maith le achan rud eile anois, níl an "gramophone" ag obair. Déarfainn go bhfuil an snáthaid maol. Tá scread aisti ó am go h-am. Duradh liom go mbeadh an carr seo maith go leor go ceann cúig bliana 'fhad agus nach gcuirfinn lód trom ar an suíochán cúl. An t-aon rud a bhí againn ar an suíochán sin ná an "gramaphone".*




*Anois tá an carr seo ina luí amuigh ag tóin an tí agus an mheirg ag reáchtáil síos an tsráid ar na brící úra a leag muid bliain ó shin. Tá mé den bharúil gur thóg sibh an garáiste ar bharr an tsléibhe sa dóigh go dtiocfadh leis na caranna rith síos an cnoc. Tá muid náiriste faoi chuid madaí an bhaile a bheith amuigh ag troid fánár gcuid ispíní agus an mhuc, agus tá an tír ag caint fá dtaobh den charr seo. Bhí mé ag caint le "aturnae" cois tine 'dteach leanna sna Dúnaibh agus d'inis mé mo scéal do ó thús go deiridh, ón naoi a chlog go meán oíche. Bhí sé ólta, ach má bhí féin, bhí a intinn géar. D'iarr sé orm mo scéal agus na costais a scríobh síos ar pháipéar, mar atá déanta agam, agus riail an E.E.C. uimhir a 999 a chur in iúl duit. Dhia nach é a bhí sásta nuair a mhuscail sé suas ar a trí a chlog, go raibh mé ansin leis an chuid eile den scéal a inse dó go dtí scairt an choiligh ag a sé ar maidin.. Nach é a bhí foighdeach. Le sin uilig ráite, seo an cúiteamh atá mé ag súil leis:*

| | |
|---|---|
| *Costas an chairr* | *€999.00* |
| *Tóraí, grósaeraí, trí shac prátaí, leathmhuc agus cúig phunt d'ispíní* | *€ 45.00* |
| *Meicneoir gluaisteáin* | *€ 16.00* |
| *Tacsaí le coicís anuas* | *€ 49.00* |
| *Gaineamhchóiriú na brící* | *€169.00* |
| *Codladh anóiteach, cráite, corrach* | *€500.00* |
| | ***€1778.00*** |

*Tá an cuntas seo ionraic agus fírinneach agus tá mé ag súil le socrú uait gan mhoill. Sin ná an Chúirt.*

*Is mise le meas,*

*Proinsias Mac Giolla Bhríde.*

# Féile Chóiste Mhíobhaigh

Seo an darna bliain don choiste seo féile bheag fá choinne muintir na háite a reáchtáil. I mbliana smaoinigh muid go mbeadh lá iascaireachta mar pháirt do fosta. Bhí an iascaireacht againn Dé Sathairn, an lá deireanach de Mheitheamh agus imeachtaí agus craic ar an Domhnach. Thosaigh comórtas na hiascaireachta ag meán lae thíos faoi Dhún Dubháin, áit a dtugtar "Bá an Log Gairbh" air, atá suite ar chósta na Maoile Ruaidhe, agus bhí na slata istigh ag a cúig a chlog. Ghlac ceithre bhád déag páirt ann, rud nach raibh muid ag dréim leis. Seo báid bheaga le muintir na háite, suas le fiche troigh nó mar sin ar fhad. D'fhág siad uilig le chéile ag meán lae agus ba bhreá an radharc iad uilig ag seoladh mar chabhlach ag tarraingt ar an Mheall Mhór. Ní raibh an aimsir róchineálta dúinn ar an lá mar go raibh an ghaoth aniar aduaidh, rud a d'fhág buille trom san fharraige agus bhí corr dhuine ag tabhairt a mbricfeasta do na faoileáin agus ní raibh dath folláin orthu ar chor ar bith, ach ní luaim ainmneacha ar bith mar shíl cuid acu seo gur iascairí maithe iad. Bhí an t-iasc gann go leor ar an lá ach mar sin féin, bhí cúpla bád a rinne gnóthaigh ar dóigh agus mar i gcónaí bíonn fear no dhó ábalta an t-iasc a fháil, maith nó olc an aimsir. Bhuaigh bád Uí Bhrógáin an chéad duais leis an lasta is troime agus bhí an darna áit ag an Mhaol Ruaidh. Fuair Antáin Shuss as Gort na Luchóg an galach is troime agus bhí an duais fá choinne an t-iasc is mó roinnte idir Tommy Clyde as Dún Dúbhain agus John Frank as an Ardbán.
Ar an Domhnach ansin bhí imeachtaí na féile thíos san áit chéanna. Thosaigh siad ar a dó a chlog agus bhí



scaifte mór de mhuintir na háite ansin lena dteaghlaigh agus bhain siad uilig taitneamh as.
Bhí na curacha amuigh ag an choiste agus fuair fear no



bean ar bith seans lena gcuid scileanna rámhaíochta a thaispeáint. Bhí cúpla bád fosta le daoine a thabhairt ar thuras suas na Maoil Ruaidhe agus bhí na báid seo gnóthach i rith an ama. Le cois sin, bhí bia le fáil agus bhí ceithre fhleá fhulachta nó "barbecues" ag cócaireacht. Bhí na héisc ar beireadh orthu an lá roimh ré a gcócáil agus bhí bia eile, a bhaineann le Barbecues a chócáil ag daoine



eile. Bhí caisleán preabarnaí agus trealamh eile do na páistí agus is cosúil gur bhain siad sult maith



astu.







Tháinig Eunan agus Pádraig ansin agus thosaigh an ceol traidisiúnta. Mhair an ceol agus an craic seo go coineascair agus leoga tamall ina dhiaidh. Ba mhaith linn, thar ceann an chóiste, ár mbuíochas a thabhairt d'achan nduine a ghlac páirt san fhéile seo agus tá súil againn go mbeidh sibh



uilig ansin arís ar an bhliain seo chugainn.



# *Feadaímó.*

*Bhí Feadaímó i bhfolach ar dhíon Mhicheáil Bháin ag feitheamh ar na báillí a bhí i ndiaidh teach Sheáin Mhóir a dhó. Bhí píosa trom de shean-chíle báid ina lámh aige agus an fonn ceart air úsáid a bhaint as. Chonaic sé an toit ón teach ag dul in airde mar bhí feothan farraige a shéideadh ina threo agus cha dear an radharc sin a dhath ach an fhearg a chur in airde i bhFeadaímó.*

*Chuala Feadaímó an scread ó bhean thíos faoi agus thosaigh an racán. Bhí na mná is na páistí ag caitheamh clocha agus dartáin móna ar na báillí ach bhí sciatha sailí ag na boic sin agus ní raibh dochar ar bith a dhéanamh ag na diúracáin suaracha orthu. Bean nó páiste ar bith a raibh sé de mhisneach iontu seasacht rompu fuaireadar buille de bhata darach ar mhullach a gcloigne agus caitheadh ar leataobh iad gan trócaire. Bhí na báillí ag gáire mar bhí teach amháin dóite cheana acu agus ceann eile réidh le titim. Char shíl siad ariamh go mbeadh sé chomh furasta sin baile fearainn a thaomadh de theaghlaigh. Bhí captaen na mbáillí, fear mór cumasach garbh, ag scairteadh agus ag eagrú an fhórsa. "Seasaigí a fheara" a scairt sé agus iad ar an tsráid. Sheas sé féin go bródúil rompu mar gurb é a phleansan a bhí ann an díshealbhú a dhéanamh ar an dóigh seo. Bhí clú bainte amach aige i measc na dtiarnaí talamh mar fhear a gheobhadh an jab déanta agus chosain sé an clú sin go dian.*

*Fear gan trócaire a bhí ann agus níor mhiste leis ariamh cruachás na dteaghlach a chaith sé amach. D'amharc an captaen thart anois, ansin bhuail sé buille trom ar an doras lena bhata. " Má tá duine ar bith istigh ansin tagaigí amach anois sula lasfaimid an díon, tabhair freagra orm díreach, molaim díobh." D'oscail an píosa uachtarach den leathdhoras agus sheas an captaen ar cúl ag dréim le duine inteacht a bheith ag fáscadh a láimh agus ag impí trócaire uaidh. Fuair sé gonc. In áit paidir tháinig a fhreagra chuige i bhfoirm scála uisce scallta a caitheadh isteach idir an dá shúil air. Lig sé béic uafásach as agus rith sé i dtreo na farraige. B'shin an t-aon áit dar leis a bhfaigheadh sé faoiseamh ón phian tíoránta a bhí a lascadh. Bhí na báillí uilig ag amharc ar an chaptaen le hiontas nuair a chuala siad glam fiánta agus d'amharc siad in airde. Bhí Feadaímó ar an díon agus an cíle a luascadh aige agus léim sé anuas ina measc sula raibh a fhios acu cad é a bhí ag tarlú. Le buille amháin leag sé an triúr tosaigh agus thit siadsan ar ais ar mhullach na mbáillí eile. Rinne fear amháin iarracht greim a fháil ar an chíle ach ghlac Feadaímó coiscéim chun deiridh agus ansin tháinig sé anuas ar mhullach an chloiginn air. Thit an Báillí ina chnap ar an talamh. Léim duine de na báillí ar dhroim Fheadaímó ach léim Feadaímó ar cúl in éadan bhalla an tí agus thit an báille gan fhocal. Thug láithreacht Fheadaímó uchtach do na mná agus do na páistí agus thosaigh siad ag caitheamh cloch arís go díograiseach. Bhí sé deacair ag na báillí anois an fear mór mire agus na diúracáin a sheachaint agus b'iomaí cloch a bhuail srón agus b'iomaí dartán a ghortaigh súil. Thosaigh na báillí ag cúlú ón teach le faoiseamh a fháil ón ionsaí ach bhí fear nó beirt ag titim go fóill faoi chíle Fheadaímó.*

*Ní raibh seo i bplean an chaptaein ar chor ar bith, agus anois bhí na báillí trína chéile. Bhí an captaen ar shiúl agus ní raibh duine eile roghnaithe lena áit a ghlacadh. Bhí na ceannairí eile i gCarraig Airt ag imirt an chlis mhóir. Ní raibh le bheith anseo ach mná is páistí ach anois bhí laoch fíochmhar acu agus é ag déanamh scrios orthu le píosa mór adhmaid. Bhí na báillí ar tí briseadh nuair a chualadar scairt ó threo na farraige. Is é an captaen a bhí ann agus bhí sé ar mire. Bhí a aghaidh uilig dearg amh leis an dó a fuair sé agus ní sásta a bhí sé a chuid fear a fheiceáil ag cúlú roimh bhochtáin ghioblacha an Mhill Mhóir.*

*"The next man who retreats one inch will be flogged" Tháinig sé suas a fhad leo agus dhírigh sé a mhéar ar Fheadaímó. "Capture that thug and bring him to me" a scairt sé agus cúr lena bhéal le fearg. Ní raibh ach ceithre dhuine dhéag de na báillí ina sheasamh faoin am seo agus bhí faitíos go leor orthu ionsaí a dhéanamh ar an fhathach leis an chíle ina láimh. Spréigh siad amach ag iarraidh teacht air ó achan aird ach bhí an captaen anois fágtha leis féin agus gan idir é féin agus Feadaímó ach báille amháin a raibh súil amháin druidte aige agus é bacach ó chloch a bhuail sa ghlúin é. Thug Feadaímó léim amháin agus bhuail sé an báille sa srón le sonc ón chíle. Thit sé agus lig sé scread phianta uaidh agus d'imigh sé leis ag lámhacán ar na ceithre boinn, bhí a sháigh den troid ag an fhear sin. Rith Feadaímó díreach chuig an Chaptaen agus rinne sé iarracht é a bhuaileadh ach léim an captaen faoin bhuille agus fuair sé greim ar chosa Fheadaímó. Thit an bheirt acu ag rolladh thart agus bhuail siad in éadan carraige leis an chaptaen ar uachtar. Bhuail sé síos díreach lena dhorn ag tarraingt ar aghaidh Fheadaímó ach d'úsáid Feadaímó achan unsa nirt a bhí ina chorp agus chur sé an captaen dá chothrom. Ag an am céanna bhog sé a chloigeann ar leataobh agus bhuail an captaen a dhorn ar an charraig. Phléasc na hailt mar a bheadh spíonáin aibithe ann agus chaith Feadaímó é ar mhullach a chinn ar na carraigeacha. Droch lá a bhí ann don chaptaen. D'éirigh Feadaímó ach bhí na báillí eile uilig thart air faoin am seo agus bhí sé ag éirigh tuirse. D'amharc sé thart ag cuardach na Cíle ach bhí sé tógtha cheana ag duine de na báillí. "You looking for this, eh? Don't look so tough now do you?" Chuaigh sé i dtreo Fheadaímó agus an chíle*

amach roimhe, "might just give you a taste of your own medicine matey" a dúirt sé, ach bhí an chíle ró-throm dó agus bhí Feadaímó ábalta an buile a sheachaint gan buaireamh ach anois rith na báillí eile isteach agus bata darach a luascadh ag achan fhear acu. Bhí Feadaímó san fhaopach anois ach thóg sé bata a bhí caillte ag duine de na báillí a bhí gortaithe agus chuidigh sin go mór leis. Chúlaigh sé go dtí go raibh sé teann le balla an tí agus gheall sé do fhéin go dtroidfeadh sé ansin go dtí go dtitfeadh sé. Rinne na mná agus na páistí iarracht cróga cuidiú a thabhairt dó ach bhí Feadaímó ag éirigh lag agus bhí na buillí ag teacht isteach air anois gan fhaoiseamh. Shíl na báillí go raibh an lá leo faoi dheireadh ach tháinig na fir óga ó Mhalaigh an Rí isteach ar an achrann ag an bhomaite seo agus a gcuid súl lasta le fearg agus fuath do na báillí. Chonaic siad teach Sheáin Mhóir dóite agus bhí marfach agus díoltas ina gcroíche anois. Thit na báillí mar choirce roimh an chorrán agus bhí teach Mhicheáil sábháilte. Tarraingíodh na báillí síos go farraige, áit a raibh dhá bhád ina shuí ar an trá. Bhí báille amháin ag coimhéad na mbád ach choinnigh seisean a cheann síos go humhal nuair a chonaic sé an slua ag teacht agus a chomrádaí féin a thiomaint rompu mar thréad caorach, cuid acu ag titim, cuid acu bacach, agus drochbhail orthu uilig.

Caitheadh isteach sna báid iad agus an triúr no ceathrar a bhí ábalta tabhairt faoi na rámhaí rinneadar sin. Tharraing siad ar shiúl ón Mheall Mhór le maslach na ndaoine ina gcluasa ach níor chuala an captaen rud ar bith mar bhí seisean go fóill gan bogadh, agus dar ndóigh d'fhan sé mar sin ar feadh dhá lá eile agus nuair a mhuscail sé ansin is iad na céad focal a chuala sé ón Tiarna Talún ná "you're fired."

Bhailigh achan duine ar an Mheall Mhór ar shráid Sheáin Mhóir agus labhair Paidí Dhomhnail leo. "A fheara, ba dhóbair dúinn inniu an rud uilig a mhilleadh. Tá a fhios againn go bhfuil an Tiarna ag iarraidh an Meall Mór a ghlanadh amach ach tá a fhios againn fosta nach mbeadh ansin ach an tús. Anois nil a dhath níos cinnte nach go mbeidh stíobhard an Tiarna anseo an chéad rud ar maidin agus an t-am seo beidh na cótaí dearga leis. Cha dtig linne troid in éadan gunnaí. Muna bhfuil díon ar theach Sheáin Mhóir faoin am sin agus tine lasta istigh beidh sé fágtha ar an tsráid agus gan a dhath a thig linne a dhéanamh fá dtaobh dó. Anois tosaígí agus cuirigí an teach seo ar ais le cheile agus ná ligigí don fhéar fás faoi bhur gcosa."

Má thóg sibh cloch am ar bith agus nead seangáin faoi chonaic sibh radharc gnóthach, achan uile seangán ina rith agus a jab féin ag achan cheann acu.

Sin mar a bhí sé ar an Mheall Mhór an lá seo. Chuaigh scaifte de na fir ag baint muiríní, chuaigh scaifte eile i mbun siúinéireachta, fear amháin ag déanamh fuinneoige, fear eile ag déanamh tábla, beirt ag dul do chathaoireacha agus beirt nó triúir eile ag déanamh na ndoirse. Achan phíosa adhmaid a bhí le spáráil fá na tithe eile tugadh go teach Sheáin Mhóir an lá sin é. Is adhmad a bhí ann a tháinig isteach leis an lánmhara ó am go ham agus tugadh aire mhaith dó mar ní áit í Ros Goill a raibh crainn rófhlúirseach inti.

Ghlan na mná agus na páistí na hiarsmaí dóite amach as an teach agus leoga rinne siad cnapán suarach ina luí ar an tsráid sula dtug na fir leo iad agus chuir an t-iomlán amach leis an fharraige. Bhí trí thine móna faoi lán seol acu agus pota mór dubh ag luascadh ó sheastáin sealadacha tríchosach os cionn achan cheann acu ag téadh uisce chun an súiche a ghlanadh de na ballaí.

Nuair a bhí sin déanta acu thosaigh na fir ar an tuí. Tháinig cuid de na mná agus prátaí bruite acu agus carnán uibheacha leo le neart a choinneáil ins na hoibrithe. Bhí uisce agus bláthach le hól acu agus is é sin an lá a bhain siad sult as an bhia agus iad uilig le chéile ag iarraidh duine dá gcuid féin a shábháil ón bhóthar. Bhí dorchadas ag titim nuair a cuireadh an leathdhoras in áit agus bhí deor i súil Sheáin Mhóir nuair a chuaigh sé féin agus a bhean trasna na tairsí isteach i dteach nach raibh oiread na fríde d'fhianaise gur dódh é an maidin sin. Chuaigh achan duine abhaile breá sásta agus b'iomaí deichniúr den phaidrín a cuireadh i dtreo na flaithis an oíche sin mar gur theip ar na báillí.

Choinnigh achan duine súil amach an mhaidin lá arna mhárach ag fanacht ar an stíobhard agus na saighdiúirí dearga ach cibé cén fáth cha dtáinig siad. Is dóiche go raibh a fhios acu cad é a bheadh rompu agus ní raibh siad ag iarraidh tuilleadh ábhair gháire a thabhairt do na daoine. Chuir an Tiarna an plean a bhí aige chun na tithe uilig ar an Mheal Mhór a dhruid ar leataobh agus níor éirigh leis ariamh é a chuir i gcríoch. D'imigh na báillí a tugadh isteach ag an am sin chun an drochghníomh a dhéanamh agus chuaigh Feadaímó agus muintir Ros Goill ar aghaidh leis an saol go deas socair ar feadh tamaill. Ach ní raibh sé sa chinniúint ag Feadaímó go mbeadh suaimhneas ina shaol agus ní raibh sé i bhfad go raibh sé sáite istigh i mbuaireamh eile agus an t-am seo bheadh a bheatha féin i gcontúirt.

Beidh an chuid eile ins an chéad eagrán eile.

**Tagann an mhaidin agus a cár féin uirthi.**

# COISTE FORBARTHA CHARRAIG AIRT

*Bhí suas le 40 duine ag cur i láthair Powerpoint a rinne Coiste Forbartha Charraig Airt ar 10.00rn Dé Luain, an 16ú Iúil. Is cruthú é seo den spiorad iontach pobail atá i measc mhuintir Charraig Airt. Thug moltóirí an chomórtais "Bród na hÁite 2007", William Beattie as Tír Eoghain agus Blaise Tracy as Cill Mhantáin, cuairt ar an áit le meastóireacht a dhéanamh ar an bhabhta deiridh den chomórtas seo. Fiche bomaite a mhair an cur i láthair agus lean seisiún "ceist agus freagra" é, seisiún a mhair 10 mbomaite. Cheistigh na moltóirí Máire Uí Chléirigh, Siún Uí Ghallchóir, John Mac Nuaidht agus Colm Ó Buaidhe fá ghnéithe ar leith den cur i láthair, agus thug siad ardmholadh dó. Dúirt siad go raibh sé soiléir ón taispeántas grianghraif a bhí ar bhallaí an tseomra gur cuireadh i gcrích cuid mhór tograí fiúntacha ó bunaíodh an coiste áitiúil i 1998.*

*Bhí ionadaithe ó ghrúpaí deonacha an cheantair i láthair fosta. I ndiaidh an cur i láthair, thug na moltóirí camchuairt ar an bhaile agus thug siad cuairt ar Pháirc na Trá, Comhar Creidmheasa Chuan na Long, Stáisiún Dóiteán Mhíobhaigh, Ionad Lae Mhíobhaigh agus Radharc na Cille. Chaith siad uair thaitneamhach ag caint agus ag comhrá leis an tseanmhuintir a bhí ag an Ionad Lae, áit a ndearna Sarah agus Mary Grace Ní Chuillín agus Séamas Mac Giolla Bhríde iad a mhealladh lena gceol binn.*

*Buíochas do Dhónal Mac Daibhéid a chaith uaireanta fada ag ullmhú an cur i láthair Powerpoint agus le Dónal Mac Laifeartaigh a chuidigh na grianghraif a réiteach don taispeántas. Buíochas fosta d'fhoireann Ionad Acmhainne Mhíobhaigh a chuidigh leis an cur i láthair a ullmhú.*

*Cé go bhfuair muid adhmholadh ó na moltóirí agus go ndúirt urlabhraí dá gcuid go raibh siad iontach sásta leis an cur i láthair, d'amharc siad ar an ócáid mar dheis le haird a dhíriú ar an obair iontach atá á déanamh go deonach ag grúpaí éagsúla i measc pobal na háite.*

Sheol Frank Galligan, file agus iriseoir, leabhar de ghearrscéalta dár teideal "Tales from the Hearth" le Kevin McFadden (atá anois faoi shuaimhneas Dé) ag ócáid in Óstán Charraig Airt. B'as Bóthar na hEaglaise, Carraig Airt do Kevin, agus bhí baill dá theaghlach i láthair ag an ócáid thaitneamhach seo. B'ábhar mórtais d'Ethna, deirfiúr le Kevin, go raibh a deirfiúr Rosaleen agus a fear céile, maraon lena dearthár Pat agus a bhean chéile Joe i láthair ag an ócáid seo. Tá an cheathrar acu seo ina gcónaí i gCeanada.

Tá cuid mhór scéalta dea-chumtha fá cheantar Charraig Airt le fáil sa leabhar seo agus is leabhar í a chaithfidh duine ar bith a bhfuil baint acu leis an cheantar a léamh. Ba i gCarraig Airt a bhí croí Kevin agus ba bhreá leis i gcónaí filleadh ar a fhód dúchais.

Is iad na cuimhní is mó a bheidh ag daoine fá Kevin ná an sárchúlaí a bhí ann d'fhoireann mionúr Dhún na nGall agus cúltaca den scoth d'fhoireann sacair "Mulroy Stars" – má dhéanann muid dearmad ar eisceacht amháin a ndéantar cur síos air sa leabhar!

Is beag duine a thuigeann gur ceol Gaelach agus ár dteanga dúchais féin a ba mhó a raibh suim ag Kevin iontu sna blianta deireanacha a chaith sé i White Rocks, Surrey, British Columbia, áit ar chuir sé ranganna ar fáil don chraobh áitiúil do Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.

Tá an leabhar spéisiúil, spreagúil seo le fáil sna siopaí áitiúla.

*D'iarr muid ar an lucht gnó a bheith fabhrach faoi chomharthaí siopaí i nGaeilge agus is deas a fheiceáil gur mar seo atá an chuid is mó. Is tógáil croí dúinn a fheiceáil go bhfuil comhartha i nGaeilge ar an caife úr sa bhaile, "Caife na Sráide". Comhghairdeas dó Carmel agus Séan Mac Laifeartaigh agus fósta d'Eimear Ní Bhuaidhe i leith an Sciamhlann a d'oscail sí le déanaí.*

*Tá curtha isteach againn ar an chomórtas "An Baile Beo" arís i mbliana, chomh maith le Comórtas na mBailte Slachtmhara agus beidh an mholtóireacht a dhéanamh faoi cheann coicís no mar sin agus de bhrí sin, rachadh se chun tairbhe dúinn uilig dá gcoinneodh achan duine a gcoirnéal beag féin slachtmhar agus glan. Ma níonn muid uilig seo, beidh caighdeán ard a chur os comhair na moltóirí.*



*Bhí an tUachtarán, Máire Mhic Ghiolla Íosa, ina hóstach ar Lá Cóisire Gharraí an Phobail ar an 10ú Iúil agus bhí ionadaithe ó ghrúpaí poiblí as achan chearn den tír i láthair ar an lá. Chuir an tUachtarán céad míle fáilte rompu uilig agus mhol sí an obair atá a déanamh ag na h-eagraíochtaí poiblí ar fud na tíre. Sa ghrianghraf seo tá Richard Parke, Paidí Ó Gallchóir, Máire Áine Uí Dhochartaigh, Peigí Uí Oireachtaigh agus Máire Mhic Giolla Bhríde , a bhí ina n-ionadaithe ó Ionad Lae Mhíobhaigh. Bhí neart bia, ceoil agus craic ann agus bhain siad uilig sult mór as an ócáid.*



*Seo thuas pictiúr den ghrúpa a bhain Teastas Sláinte agus Sábháilteachta amach ón chúrsa a bhí ar siúl san Ionad Acmhainne níos luaithe sa bhliain. Ba i Eiméar Nic Giolla Bhríde a bhí i mbun an chúrsa.*



An seanbhaile i nDumhaigh.

Má amharcann sibh go géar ar an phictiúr seo t'chífidh sibh go bhfuil balla ag teacht trasna ag teach Hughie Den, san áit a bhfuil an bealach anois.

Is é seo an séú eagrán déag de Ghuth Ghoill agus táimid go fóill ag baint triall as rudaí éagsúla agus mar atá a fhios agaibh táimid i gcónaí ag cuardach scríbhneoirí úra le píosa a dhéanamh dúinn. Gan an cineál sin tacaíochta ón phobal bheadh sé iontach deacair irisleabhar mar seo a chuir amach. Tá muid an-bhuíoch do na daoine sin a dhéanann píosaí a scríobh dúinn go rialta, agus tá súil againn go gcoinneoidh sibh ag dul leis an pheannaireacht amach anseo.

Is é an cheist is minice a chluineann tú nuair a labhraíonn tú le duine faoi phíosa a scríobh ná " Cad é a scríobhfainn faoi?" Bhuel, a chairde níl easpa ábhair amuigh ansin. Má tá aithne agat ar dhuine ar bith atá, cosúil linn uilig, ag dul in aois, mar shampla, d'athair, do mháthair, d'uncail nó comharsa duit, déan agallamh leo. Tá scéal faoi leith le hinsint ag achan duine agus tá suim mhór ag léitheoirí Ghuth Ghoill i rud ar bith a bhaineann leis an tsean-am.

Má tá scéal áitiúil a chuala tú am amháin agus a shíleann tú á bheadh oiriúnach don Irisleabhar scríobh amach é agus má tá smaoineamh nó idéanna ar bith agaibh faoi dhóigh ar bith a dtig linn feabhas a chur ar rudaí labhraígí linn. Ta na grianghraif iontach tábhachtach. Mar sin de, má tá seanghrianghraif ar bith agaibh ina luí ag bun tarraiceáin nó áit ar bith eile fán bhaile, agus ar mhaith libh iad a fheiceáil i nGuth Ghoill, tabhair dúinn iad le bhur dtoill. Déanfaimid cóipeanna díofa ar an bpointe, agus beidh siad ar ais agaibh gan buaireamh ar bith.

Thosaigh Sally san oifig le gairid agus tá Guth Ghoill tugtha faoina sciathán aici. Má tá ceisteanna ar bith agaibh cuir scairt uirthi ag 074-9154830 nó ríomhphost chuig ceimaniar@eircom.net. agus beidh lúcháir uirthi teagmháil a dhéanamh libh.

Mar a tá a fhios agaibh is féidir leat Guth Ghoill a fháil áit ar bith sa domhan ar chostas €20 agus tá an líon síntiúsóirí atá ag baint úsáide as an ais seo ag dul i méid achan bhliain.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs
Foras na Gaeilge
Údarás na Gaeltachta